Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 13

# Oifig na nOibreacha Poiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 13, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 ar thuarastail agus ar chostais Oifig na nOibreacha Poiblí; ar sheirbhísí a riartar ag an Oifig sin lena n-áirítear an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair, ar íocaíocht deontas áirithe agus ar aisghabháil caiteachais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2012, as leithreasaí gan chaitheamh a bhain le 2011, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, ach amháin i gcás an méid seo a leanas:

***(a) Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla: Luacháil Talaimh agus Foirgneamh***

Tá na luachálacha faoi réir líon mórcháilíochtaí agus níor cheart iad a mheas amhail meastachán reatha i leith luach inréadaithe. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag leanúint le hathbhreithniú ar na modheolaíochtaí luachála atá á n-úsáid ina n-áirítear na toimhdí seo a leanas:

(i) Lean Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí caighdeáin chuntasaíochta na hearnála poiblí mar atá san RCIS – Professional Standards, Global and UK Edition, Márta 2012. Úsáideadh prótacail luachála arna dtáirgeadh ag an Royal Institution of Chartered Surveyors, a nglactar leo mar thionscalchaighdeánach in Éirinn, nuair ab fhéidir. Cuirtear measúnuithe ar luach margaidh ar bhonn 'úsáid reatha' i bhfeidhm ar thalamh agus ar fhoirgnimh. In 2012, rinneadh athluacháil ar 53 mhaoin i gceantair phoist éagsúla i mBaile Átha Cliath. Leanfar le feidhmiú na modheolaíochta athbhreithnithe seo in 2013.

(ii) Tá na meastacháin, i gcás cuid mhór den phunann, bunaithe ar ghnáthchostais tógála reatha agus luachanna barúlacha suímh. Rinneadh na noirm chostais tógála agus na luachanna láithreáin barúlacha seo a nuashonrú i 2012.

(iii) Rinneadh luacháil ar mhaoine gradaim le modh luachála an chostais athsholáthair.

(iv) Déantar réadmhaoin a ceannaíodh ó bhí 1 Eanáir 1995 ann agus réadmhaoin a tógadh ó bhí 1 Eanáir 1997 ann a luacháil i dtús báire ag costas.

(v) Níor áiríodh meastacháin do roinnt bheag maoine agus suíomhanna ilghnéitheacha nach bhfuil mórán tábhachta lena luach iomlán i gcomhthéacs phunann maoine fhoriomlán an OPW.

(vi) Ní áirítear maoine stairiúla náisiúnta ná séadchomharthaí náisiúnta sa luacháil.

***(b) Sócmhainní Caipitiúla atá á bhForbairt***

Déantar tionscadail tógála a luacháil ar a gcríochnú praiticiúil, is amhlaidh dá réir nach léirítear na tionscadail tógála ar bun amhail an 31 Nollaig 2012 mar Shócmhainní Caipitiúla atá á bhForbairt.

***(c) Dímheas***

Dímheastar sócmhainní gléasra agus innealra de réir méid chothroim feadh a saoil fhónta mheasta.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Chathaoirleach. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- Tá an Oifig comhlíontach le gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar seachas conradh amháin ar luach níos mó ná €500 míle. Leanadh ar aghaidh le cur ar fáil na seirbhíse thar bhundáta deiridh conartha gan soláthar iomaíoch. Tuairiscíodh sonraí an chonartha seo don Ard-Aighne Cuntas agus Ciste i dtuairisceán 40/2002.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**C McGrath**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na nOibreacha Poiblí

26 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála. Is cuid den chuntas iad na beartais chuntasaíochta agus na nótaí.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig na nOibreacha Poiblí. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Socruithe malartaithe thalaimh mar chuid de sholáthar tithíochta inacmhainne**

Tagraíonn Caibidil 6 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 do cheisteanna áirithe a bhaineann le socruithe malartaithe thalaimh, ar mheas mé é a bheith iomchuí tuairisc a thabhairt fúthu de réir Ailt 3 (10) den Acht um Ard-Aighne Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993..

**Neamhchomhlíonadh na Rialacha Soláthair**

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánaigh gur tharla cás ábhartha de neamhchomhlíonadh le rialacha náisiúnta soláthair maidir le conradh a bhí ag feidhmiú i 2012.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meán Fómhair 2013

# Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí

## Cuntas Leithreasa 2012

| | | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | | |
| A | Tionscadail faoisimh thuilte | | | 70,558 | 77,976 | 61,216 |
| B | An tSeirbhís Náisiúnta Fála (NPS) | | | 4,898 | 4,774 | 4,266 |
| C | Bainistíocht punann eastáit | | | | | |
| | *Soláthar na Bliana Reatha* | | 309,468 | | | |
| | *Forghéilleadh Iarchurtha* | | 8,000 | | | |
| | | | | 317,468 | 309,920 | 336,169 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar na Bliana Reatha* | | 384,924 | | | |
| | *Forghéilleadh Iarchurtha* | | 8,000 | | | |
| | | | | **392,924** | **392,670** | **401,651** |
| | *Asbhain* | | | | | |
| D | **Leithghabhálacha i gcabhair** | | | **26,231** | **26,384** | **26,928** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar na Bliana Reatha* | | 358,693 | | | |
| | *Forghéilleadh Iarchurtha* | | 8,000 | | | |
| | | | | **366,693** | **366,286** | **374,723** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 406,486 | 9,029,810 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 8,000,000 |
| Barrachas le géilleadh | 406,486 | 1,029,810 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 36,372 | 34,417 | 36,460 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,083 | 886 | 859 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 725 | 639 | 765 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,770 | 2,087 | 2,015 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 2,334 | 2,785 | 2,993 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,434 | 1,424 | 1,307 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 54 | 9 | 11 |
| | | 43,772 | 42,247 | 44,410 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 350,423 | 357,241 |
| Pá | | 34,417 | 36,460 |
| Caiteachas eile | | 7,830 | 7,950 |
| **Ollchaiteachas** [1] | | **392,670** | **401,651** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithghabhálacha i gcabhair** | | **26,384** | **26,928** |
| **Glanchaiteachas** | | **366,286** | **374,723** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (8,711) | | |
| Diúscairtí (airgead)[2] | 93 | | |
| Dímheas | 6,300 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (30) | | |
| | | (2,348) | (2,844) |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí Airgid | | — | (32) |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Mhéadú ar fhabhruithe deiridh | 8,292 | | |
| Laghdú ar stoc | 272 | | |
| | | 8,564 | 5,755 |
| **Caiteachas Díreach** | | 372,502 | 377,602 |
| | | | |
| Caiteachas ar sheirbhísí a soláthraíodh saor in aisce do Ranna eile (Seirbhísí Comhghaolmhara) | | (129,734) | (166,653) |
| Caiteachas ar sheirbhísí leis an OOP ag feidhmiú mar chliant[3] | | (122,375) | (102,543) |
| **Caiteachas Díreach** (cé is moite de Sheirbhísí Comhghaolmhara agus seirbhísí nuair a fheidhmíonn an OOP mar chliant) | | 120,393 | 108,406 |
| | | | |
| **Caiteachas a Caitheadh ar Rudaí Eile** | | | |
| Vóta 12 – Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | | 17,907 | 17,360 |
| **Chostas oibriúcháin**[4] | | **138,300** | **125,766** |

[1] Díorthaítear an figiúr seo ón olltoradh um Vóta 13 amháin (€392.670m) ach is ionann idirbhearta airgeadais iomlána an OPW le linn 2012 agus €471.722m, lena n-áirítear caiteachas díreach a thabhaigh an OPW agus a gearradh ar Vótaí eile.

[2] Ní áirítear le figiúr na ndiúscairtí airgid na fáltais ó dhíol maoine sa bhliain 2012, de luach €0.14m, a taisceadh go díreach leis an Státchiste (dá dtagraíonn Nóta 4.2).

[3] Laghdaíodh figiúr an Chaiteachais Dhírigh €122 milliún; is é sin glanchostas na seirbhísí ina bhfeidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) mar chliant i mbun oibreacha áirithe nó ag urrú oibreacha áirithe thar ceann an Stáit (e.g. cothabháil draenála, faoiseamh ó thuilte, cothabháil réadmhaoine oidhreachta, deontais le haghaidh oibreacha áirithe feabhsúcháin, íocaíochtaí le haghaidh Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath, na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair agus Uachtaránacht an AE). Níl costas na n-oibreacha agus na ndeontas sin mar chuid de chostais reatha an OPW.

[4] Ní áirítear leis an bhfigiúr do Chostas Oibriúcháin suim le haghaidh íocaíochtaí ná ioncam barúlach.

(i) Meastar gurb ionann na measchíosanna atá infhaighte ag an OPW maidir le maoin faoi úinéireacht an Stáit agus tuairim is €73m. Meastar gur ionann na measchíosanna atá iníoctha ag an OPW agus €2.8 milliún.

(ii) Níor áiríodh suimeanna leis an Ráiteas i ndáil le measioncam ó Ranna cliaint i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí saor in aisce faoi láthair.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitiúla** | 2.3 | 2,874,310 | 3,046,978 |
| **Sócmhainní Caipitiúla atá á bhForbairt** | 2.4 | — | 64 |
| | | **2,874,310** | **3,047,042** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.5 | 37,225 | 48,310 |
| Stoic | 2.6 | 2,089 | 2,361 |
| Réamhíocaíochtaí | | 26,510 | 25,505 |
| Ioncam Fabhraithe | | 2,958 | 3,216 |
| Iarmhéideanna Eile Dochair | 2.7 | 90 | 912 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **68,872** | **80,304** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais Fhabhraithe | | 16,713 | 6,945 |
| Ioncam Iarchurtha | | 223 | 149 |
| Iarmhéideanna Creidmheasa Eile | 2.8 | 37,159 | 40,781 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 156 | 8,441 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **54,251** | **56,316** |
| **Glandliteanais Reatha** | | **14,621** | **23,988** |
| **Glansócmhainní** | | **2,888,931** | **3,071,030** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **2,888,931** | **3,071,030** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **2012 €000** | **2011 €000** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 3,071,030 | 3,298,482 |
| Maoiniú tarraingthe anuas | 2.2 | 132,085 | 122,887 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | — | — |
| Costas glan cláir | 1 | (138,300) | (125,766) |
| Coigeartuithe | | (175,884) | (224,573) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | **2,888,931** | **3,071,030** |

| **2.2 Maoiniú tarraingthe anuas** | **Nóta** | **2012 €000** | **2011 €000** |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Cuntas | 366,693 | 383,753 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (406) | (9,030) |
| | | 366,287 | 374,723 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | 17,907 | 17,360 |
| Seirbhísí Gaolmhara | | (129,734) | (166,653) |
| Seirbhísí Cliaint | | (122,375) | (102,543) |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **132,085** | **122,887** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitiúla

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra agus innealra | Troscán trealamh | Oifige agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2012 | 3,022,837 | 40,657 | 22,178 | 19,189 | 3,104,861 |
| Breiseanna | 18,081 | 1,735 | 2,597 | 990 | 23,403 |
| Diúscairtí | — | (1,308) | (450) | (88) | (1,846) |
| Athluachálacha | (189,679) | — | — | — | (189,679) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2012 | 2,851,239 | 41,084 | 24,325 | 20,091 | 2,936,739 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012 | — | 28,364 | 17,325 | 12,194 | 57,883 |
| Dímheas don bhliain | — | 3,294 | 2,055 | 951 | 6,300 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,270) | (404) | (80) | (1,754) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2012 | — | 30,388 | 18,976 | 13,065 | 62,429 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | 2,851,239 | 10,696 | 5,349 | 7,026 | 2,874,310 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | 3,022,837 | 12,293 | 4,853 | 6,995 | 3,046,978 |

## 2.4 Sócmhainní Caipitiúla atá á bhForbairt

| amhail an 31 Nollaig 2012 | Gléasra agus innealra |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2012 | |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 64 |
| Aistrithe chuig clár sócmhainní | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012 | (64) |
| amhail an 31 Nollaig 2012 | — |

## 2.5 Banc agus Airgead

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna bainc | 39,543 | 51,801 |
| Orduithe gan íoc | (2,318) | (3,491) |
| | 37,225 | 48,310 |

## 2.6 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Stoic innealtóireachta | 924 | 1,126 |
| Stoic iosta oidhreachta | 806 | 709 |
| Ábhair thógála | 255 | 403 |
| Páipéar agus stáiseanóireacht | 76 | 87 |
| Stoic ilghnéitheacha | 28 | 36 |
| | 2,089 | 2,361 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Aisíocaíochtaí pinsin atá dlite ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 9 | 753 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 81 | 159 |
| | 90 | 912 |

| **2.8 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 823 | 999 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 340 | 392 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 687 | 849 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 757 | 957 |
| Cáin Bhreisluacha | 3,035 | 7,578 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 191 | 284 |
| Fáltais ó dhíol maoine Stáit | 162 | 76 |
| Aisíocaíochtaí Iasachta | 8 | 34 |
| | 6,003 | 11,169 |
| Cuntais Oibreacha Éagsúla | 17,641 | 14,934 |
| Cuntais bhainistíochta maoine | 5,700 | — |
| Scéim céatadáin le haghaidh ealaíne | 2,128 | 2,573 |
| Cuntais Chothabhála | 2,280 | 1,067 |
| Seirbhísí Troscáin | 1,116 | 1,186 |
| Asbhaintí den phárolla atá a gcoinneáil ar fionraí | 804 | 949 |
| Míreanna eile creidmheasa fionraí | 1,487 | 8,903 |
| | 37,159 | 40,781 |

| **2.9 Glandliteanas don Státchiste** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 406 | 1,030 |
| Iarchurtha agus le Tabhairt Suas | — | 8,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (250) | (589) |
| Glandliteanas don Státchiste | 156 | 8,441 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 37,225 | 48,310 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 90 | 912 |
| | 37,315 | 49,222 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (6,003) | (11,169) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (31,156) | (29,612) |
| | (37,159) | (40,781) |
| | 156 | 8,441 |

## 2.10 Ceangaltais

amhail an 31 Nollaig

**(A) Ceangaltais Neamhchaipitiúla**

Meastar gurb é €8,476,638 an figiúr do thiomantais neamhchaipitil ar dócha go n-eascróidh siad i 2013 agus níos déanaí, gan an Lárionad Náisiúnta Coinbhinsiúin a chur san áireamh.

Ina theannta sin, bhí ceangaltais gan íoc ag deireadh 2012 i dtaca le fáil ar cíos réadmhaoine léasaithe – is gnách go mbeadh soláthar sonrach nó íostréimhse fógra do luathfhoirceannadh ag léasanna níos fadtéarmaí. Meastar suim de €108 milliún a bheith ag baint lena leithéid de cheangaltais i 2013.

**(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla**

Mionsonraítear sa tábla seo a leanas an caiteachas sa bhliain 2012 agus na ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin de bhun tionscadail chaipitil mar a raibh conarthaí in-fhorfheidhmithe dlíthiúla ann amhail an 31 Nollaig 2012.

| | € |
|---|---|
| Caiteachas in 2012 | 104,041,552 |
| Ceangaltais a bhfuil freastal le déanamh orthu sna blianta ina dhiaidh (2013 – 2016) | 150,082,774 |

**(C ) Mórthionscadail Chaipitiúla**

Tabhaíodh caiteachas ar dhá mhórthionscadal déag i rith 2012 ina sáróidh costas measta iomlán an tionscadail ar leith €6.5m. Is iad seo a leanas mionsonraí na dtionscadal sin:

| | **Caiteachas Carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2011** | **Caiteachas in 2012** | **Blianta dar gcionn** |
|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Tionscadail díláraithe** | | | |
| Dhroichead Nua | 27,223 | 460 | 350 |
| Thiobraid Árann | 5,760 | 3,614 | 200 |
| Loch Garman | 19,642 | 408 | 401 |
| | | | |
| **Scéimeanna faoisimh thuilte** | | | |
| Mhala Thuaidh | 18,829 | 275 | 475 |
| Mhala Theas | 5,856 | 3,108 | 4,892 |
| Chluain Meala Thiar | 21,810 | 539 | 1,461 |
| Chluain Meala Thuaidh | 11,015 | 3,590 | 4,109 |
| Inis Uachtaraigh | 11,645 | 5 | 2,049 |
| Mhainistir Fhear Maí Thuaidh | 6,229 | 537 | 563 |
| Abhainn na Tulcha | 18,371 | 1,897 | — |
| Mhainistir Fhear Maí Theas | 1,389 | 5,315 | 22,066 |
| Na Dothra, Baile Átha Cliath | 9,100 | 1,803 | 1,096 |

**(D) Costais Chaipitiúla Tionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas anuas go dtí an 31 Nollaig 2011 | Caiteachas in 2012[1] | Iarmhéid gan íoc ar chostas caipitiúil an tionscadail ar sheachadadh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath | 45,484 | 22,320 | 219,171 | 286,975 |

[1] Léiríonn sé caiteachas sa bhliain reatha ar aisíocaíocht chostas caipitiúil na sócmhainne, gan costas maoinithe PPP san áireamh, chomh maith le híocaíocht láithreach CBL.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Tionscadail faoisimh thuilte** | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | 6,874 | 6,885 | 6,891 |
| A.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 1,861 | 1,892 | 1,919 |
| A.3 | Ceannach gléasra innealtóireachta agus innealra | 500 | 718 | 812 |
| A.4 | Imscrúdú agus monatóireacht hidriméadrachta agus hidreolaíochta | 1,042 | 1,011 | 925 |
| A.5 | Tionscadail faoisimh thuilte | 44,500 | 52,015 | 34,904 |
| A.6 | Draenáil — cothabháil | 15,781 | 15,455 | 15,765 |
| | | **70,558** | **77,976** | **61,216** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €7.4m níos mó ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Ceannach gléasra innealtóireachta agus innealra | (218) | B’ann don bharrachas de bharr athsholáthar trealaimh agus innealra riachtanaigh. |
| Tionscadail faoisimh thuilte | (7,515) | Rinneadh íocaíochtaí conartha breise ar roinnt scéimeanna faoisimh tuilte lena n-áirítear Bré, Port Láirge agus Fine Gall (an Tulcha) agus ar an gclár CFRAM. Maoiníodh an farasbarr trí aistriú cistí ó fhotheidil eile de chuid vóta OOP. |

| | | 2012 Suim Soláthraithe sa Mheastachán | 2012 Toradh | 2011 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **An tSeirbhís Náisiúnta Fála (NPS)** | | | |
| B.1 | Riarachán - Pá | 2,740 | 3,060 | 2,747 |
| B.2 | Riarachán - Caiteachas eile | 322 | 327 | 330 |
| B.3 | Seirbhísí Foilseachán Rialtais | 221 | 197 | 176 |
| B.4 | An tSeirbhís Náisiúnta Fála (NPS) | 1,615 | 1,190 | 1,013 |
| | | **4,898** | **4,774** | **4,266** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €124,000 níos ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú / (níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An tSeirbhís Náisiúnta Fála (NPS) | 425 | D'eascair fochaiteachas as am breise a theastaigh chun tairiscintí a fhoilsiú. |

| | | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **C** | **Bainistíocht punann eastáit** | | | | | |
| C.1 | Riarachán - Pá | | 26,758 | 24,472 | | 26,822 |
| C.2 | Riarachán - Caiteachas eile | | 5,217 | 5,610 | | 5,701 |
| C.3 | Foireann tís an Uachtaráin (pá) | | 797 | 779 | | 839 |
| C.4 | Deontas do Chumann Zó-Eolaíochta na hÉireann | | 250 | 400 | | 100 |
| C.5 | Deontais le haghaidh oibreacha áirithe athchóirithe | | 250 | 250 | | 1,000 |
| C.6 | Ceannach láithreán agus foirgneamh | | 500 | 1,045 | | 363 |
| C.7 | Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | | | | | |
| | *Soláthar na Bliana Reatha* | 34,450 | | | | |
| | *Forghéilleadh Iarchurtha* | 8,000 | 42,450 | 39,453 | | 55,602 |
| C.8 | Cothabháil réadmhaoine agus soláthairtí | | 36,598 | 36,095 | | 35,833 |
| C.9 | Cíosanna, rátaí etc. | | 112,052 | 107,092 | | 117,568 |
| C.10 | Breosla, leictreachas agus uisce | | 1,623 | 1,614 | | 1,559 |
| C.11 | Íocaíochtaí Aonadacha | | 50,600 | 51,658 | | 54,200 |
| C.12 | Seirbhísí oidhreachta | | 36,373 | 36,278 | | 36,582 |
| C.13 | Uachtaránacht an AE | | 4,000 | 5,174 | | — |
| | | | **317,468** | **309,920** | | **336,169** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €7.5m níos ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Deontas do Chumann Zó-Eolaíochta na hÉireann | (150) | Maoiníodh an íocaíocht bhreise dheontais i 2012 ó choigilteas tabhartha anonn ó 2011. |
| Ceannach láithreán agus foirgneamh | (545) | Rinneadh íocaíocht bhreise in 2012 le haghaidh fáil mhaoine agus maoiníodh í ag aistriú cistí ó fhotheidil eile de chuid vóta OOP. |
| Oibreacha nua, athruithe agus breiseanna | 2,997 | B'ann don choigilteas mar gheall ar líon tionscadal agus cuntais deiridh nach ndeachaigh ar aghaidh mar a beartaíodh agus an vírmint riachtanach ar fhotheidil eile. |
| Cíosanna, rátaí etc. | 4,960 | Rinneadh coigilteas ar íocaíochtaí cíosa de bharr an réasúnaithe oifige leanúnaigh agus an chláir ghéillte léasa. |
| Uachtaránacht an AE | (1,174) | B'ann don bharrachas de bharr riachtanais chaiteachais phráinneacha d'fhonn áiseanna comhdhála a bheith ann do théarma Uachtaránachta na hÉireann ar an AE. Maoiníodh an barrachas trí vírmint cistí ó fotheidil vótáilte OOP eile. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithghabhálacha-i-gcabhair**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Cíosanna, táillí ceadúnais etc. | 4,000 | 4,247 | 4,117 |
| 2. | Bainistíocht Imeachtaí agus Áiseanna | 640 | 1,210 | 1,197 |
| 3. | Fáltais le haghaidh Seirbhísí Foilsithe don Rialtas | 800 | 1,006 | 1,050 |
| 4. | Gnóthaithe i leith seirbhísí a tugadh ar bhonn aisíocaíochta nó gníomhaireachta | 8,281 | 8,270 | 8,060 |
| 5. | Díolacháin ag Séadchomharthaí Náisiúnta agus Ionad Cuairteoirí Sealúchais Stairiúla | 475 | 454 | 482 |
| 6. | Táillí isteach ag Séadchomharthaí Náisiúnta agus Sealúchais Stairiúla | 5,113 | 5,272 | 5,495 |
| 7. | Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, etc. | 2,007 | 1,230 | 1,612 |
| 8. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 4,915 | 4,695 | 4,915 |
| | Iomlán | 26,231 | 26,384 | 26,928 |

**Míniú ar na mórathruithe**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal lenar bhain toradh breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Cíosanna, táillí ceadúnais etc. | (247) | Bhí ioncam ó chíos níos mó ná mar a bhí réamh-mheasta toisc fáltais aonuaire. |
| Bainistíocht Imeachtaí agus Áiseanna | (570) | Fuarthas breisioncam de bharr gur fhan Caisleán Bhaile Átha Cliath ar oscailt do chuairteoirí le linn oibreacha Uachtaránacht an AE agus ardú i líon na gcuairteoirí. |
| Fáltais le haghaidh Seirbhísí Foilsithe don Rialtas | (206) | B'ann do na fáltais aonuaire nach rabhthas ag súil leo de bharr díolacháin foilseachán bhreise agus níos mó fógraíochta ná mar a bhí réamh-mheasta in Iris Oifigiúil. |
| Ilghnéitheach, ag áireamh táillí, úis, diúscairtí, etc. | 777 | Bhí ioncam níos lú de bharr laghdú ar orduithe cealaithe iníoctha ón mbliain roimhe agus laghdú ús bainc. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

Réadaíodh fáltais €0.14m ó dhíolachán maoine stáit.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 604 | 631 |
| Gráid Shonracha an OOP | 1,099 | 1,126 |
| | 1,703 | 1,757 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 78,099 | 81,782 |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 274 | 336 |
| Gráid Shonracha an OOP | 674 | 774 |
| **Ragobair** | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 149 | 138 |
| Gráid Shonracha an OOP | 3,827 | 3,813 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | — | — |
| Gráid Shonracha an OOP | 1,155 | 1,107 |
| PRSI Fostóra | 6,796 | 6,850 |
| **Pá iomlán** | **90,974** | **94,800** |

Áirítear san fhigiúr don phá iomlán pá i gcláir A, B & C agus áirítear ann pá do 430 ball foirne breise sealadacha agus séasúracha in 2012.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2012** | **2011** |
| | | | **€** | **€** |
| **Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise** | | | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 96 | 2 | 20,613 | 14,877 |
| Gráid Shonracha an OOP | 932 | 1 | 16,472 | 15,618 |
| **Ragobair** | | | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | 28 | 7 | 14,000 | 14,448 |
| Gráid Shonracha an OOP | 777 | 117 | 33,831 | 34,999 |
| **Tinreamh Breise, seal agus uainchlár** | | | | |
| Gráid na Seirbhíse Sibhialta | — | — | — | — |
| Gráid Shonracha an OOP | 586 | 3 | 10,395 | 12,383 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Athfhostaíodh 12 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse agus íocadh iad go díreach ag OOP ag costas iomlán de €198,790. Críochnaíodh na conarthaí seo ar fad roimh an 31 Nollaig 2012.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 An Tionscnamh Tithíochta Incheannaithe

Rinneadh íocaíochtaí ar luach iomlán €5,811,770 ag Oifig na nOibreacha Poiblí chuig an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe tar éis breithiúnais de chuid na hArd-Chúirte maidir le socrú babhtála talún le Durkan New Homes faoin tionscnamh tithíochta incheannaithe (faomhadh D/PER Deireadh Fómhair 2012).

### 6.2 Íocaíochtaí Cúitimh

Íocadh cúiteamh ar luach iomlán de €569,797 maidir le trí éileamh déag i 2012 agus ba iad na costais dhlíthiúla ghaolmhara ná €314,235.

### 6.3 Tabhairt Anonn an Bhuiséid Riaracháin

Faoi mar a comhaontaíodh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi scéim tharmligthe an bhuiséid riaracháin, áirítear tabhairt anonn €0.250m ón Vóta le haghaidh 2012 leis an Meastachán don bhliain 2013.

### 6.4 Soláthar Seirbhísí Gníomhaireachta

I dteannta an chaiteachais ar Vóta 13, is amhlaidh a fheidhmíonn an OPW mar ghníomhaire, agus a thabhaíonn siad caiteachas, thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile. Is iad an OPW a sholáthraíonn an cistiú don chaiteachas sin trí urraíocht a dhéanamh don Roinn/Ghníomhaireacht, agus léirítear é mar mhuirear ar chuntas an cliant-eagrais. B'ionann an caiteachas iomlán in 2012 agus €79m. Ba iad na príomhnithe ar ar caitheadh seo móroibreacha caipitil (€29m), oibreacha cothabhála (€21m), léasú cóiríochta (€17m), iasachtaí áitiúla (€6m).

Chomh maith leis sin, tugann an OPW faoi róil shonracha nach meallann cistí vótáilte an OPW a éilíonn ionchur agus acmhainní ar bhonn leanúnach, e.g. comhairle a thabhairt maidir le cúrsaí ailtireachta, roghanna fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt, iniúchtaí uilíocha rochtana a dhéanamh, tograí i dtaobh coisc le tuile a scrúdú agus a chur i bhfeidhm, suíomhanna i gcomhair bunscoileanna a aimsiú, a mheas, a fháil agus a thógáil, cúrsaí soláthair maidir le tionscadail ar leith, agus bainistíocht ealaíne laistigh de phunann an Stáit.

Cuireadh an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (NPS) ar bun sa bhliain 2009 agus tá na feidhmeanna soláthair a bhíodh faoi chúram Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais (GSA) roimhe seo comhchuimsithe anois acu. Rinne an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair conarthaí tarraingthe anuas a riar do chomhlachtaí poiblí eile in 2012, ag a raibh luach iarbhír €221m.

**6.5 Seirbhísí a soláthraíodh do Ranna agus Oifigí in 2012 (Fotheideal C9 Cíosanna, Rátaí, etc.)**

| Ranna, etc. | 2012 Suim Soláthraithe sa Mheastachán €000 | 2012 Toradh €000 | 2011 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| Tithe an Oireachtas | 1,555 | 1,229 | 1,631 |
| An Taoiseach | 172 | 243 | 180 |
| Airgeadas/Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | 1.732 | 1,636 | 1,817 |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | 1,110 | 1,009 | 1,164 |
| An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 591 | 650 | 620 |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 20,918 | 17,931 | 21,947 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,913 | 6,005 | 4,111 |
| An tArd-Aturnae | 101 | 91 | 106 |
| Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí | 1,683 | 1,812 | 1,765 |
| An Oifig Luachála | 1,748 | 1,388 | 1,834 |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 2,058 | 2,009 | 2,159 |
| An tOmbudsman | 1,071 | 1,107 | 1,123 |
| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 542 | 882 | 569 |
| Dlí agus Ceart agus Comhionannas | 12,463 | 12,208 | 13,077 |
| An Garda Síochána | 8,117 | 8,435 | 8,517 |
| Na Príosúin | 80 | 224 | 84 |
| An tSeirbhís Chúirteanna | 1,057 | 673 | 1,109 |
| Clárlann na Talún | 1,092 | 1,136 | 1,145 |
| Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil | 4,807 | 1,049 | 5,043 |
| Oideachas agus Scileanna | 4,639 | 4,507 | 4,867 |
| Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 4,969 | 5,056 | 5,213 |
| Coimirce Shóisialach | 14,308 | 14,523 | 15,012 |
| Sláinte | 2,343 | 2,087 | 2,458 |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 4,753 | 3,538 | 4,987 |
| Poist, Fiontair agus Nuálaíocht | 6,120 | 5,846 | 6,421 |
| Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha | 3,502 | 3,748 | 3,675 |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 5,321 | 4,087 | 5,583 |
| Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 429 | 1,553 | 451 |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | 104 | 110 | 109 |
| Cosaint | 658 | 580 | 690 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 96 | 102 | 101 |
| Gnóthaí Leanaí agus Óige | — | 1,638 | — |
| **Iomlán** | 112,052 | 107,092 | 117,568 |